Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019
(OR. en)

9310/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0085(COD)**

**CODEC 1077**
**EMPL 272**
**SOC 361**
**GENDER 20**
**SAN 247**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 26 Aibreán 2017, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 153(2)(b) agus ar Airteagal 153(1)(i) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 6 Nollaig 2017[2].

3. Ar an 30 Samhain 2017, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 4 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 8633/17.
[2] IO C 129, 11.4.2018, lch. 44.
[3] IO C 164, 8.5.2018, lch. 62.
[4] 8061/19.

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 20/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Danmhairg, an Ungáir, an Ísiltír agus an tSlóivéin ag vótáil ina choinne, agus an Ostair agus an Pholainn ag staonadh ón vótáil;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.